# 6. An Seanaphort Céanna go Deo Deo

Seanfhocal is ea é 'nach i gcónaí bhíonn Domhnall Buí á phósadh ná cóir aige chuige.' Bé an scéal céanna agamsa é. Arna mháireach – dob é an Satharn é – d'éiríos go moch mar do bhí an mhaidean ana-bhreá is nuair a bhí an bia caite agam dúirt Cáit liom dul síos i bhfeighil na mba agus Seán do ligint abhaile chun an bhídh.

Bhí an mhaidean go breá grianmhar is bhí sé timpeall a naoi a chlog nuair a ghlaoigh sí orm na ba a thabhairt abhaile. Do thiomáineas liom iad nó gur thánga go bun an chlaí bhig. Chuala Máire Bhán, bean Phádraig, ag glaoch orm ón dtigh eile. D'imíos sall chúichi.

'Cad dob áil leat dom?' arsa mise.

'Go dtabharfá aire do Bhríde nó go dtiocfad abhaile.'

'Cá raghair?' arsa mise.

'Táimíd ag dul 'on Daingean. Ní bheidh mórán agat le déanamh. Déanfaidh m'athair na prátaí a bheiriú dos na muca,' ar sise.

Do bhíos trí bliana déag go leith san am so. Bhíos ábalta ar a lán cúraimí beaga a dhéanamh ar fuaid an tí.

Nuair a bhíodar ullamh d'imíodar leo chun an Daingin is bhí sé déanach go maith sa tráthnóna nuair a thángadar.

Bhí tine bhreá dhearg sa tinteán againn. Ba gheall le scéal nua braon tae d'fheiscint san am san ach thug Máire roinnt tae léi ón nDaingean agus do dhein sí an tae. Thug sí dabhaid aráin bháin agus cupán tae dhom. Dar ndóigh, is me a bhí go sásta nuair a bhí mo bholg lán agus roinnt mísleán agam.

Nuair a bhí gach ní i leataoibh bhogas liom abhaile, ach mo mhairg! Nuair a bhíos ag déanamh ar an ndoras do chuala an argóint istigh.

'An seanaphort céanna go deo, deo!' arsa mise i m'aigne.

Do bhí Cáit, bean mo dhearthár, istigh agus faobhar uirthi ag caint.

'Bíodh tigh éigin eile aici bun os cionn leis an dtigh seo,' ar sise. 'Ní bheadsa ag beiriú bídh di agus í ag obair do dhaoine eile.'



Bhí 'fhios agam ón méid sin gur me féin a bhí ar siúl acu is do shleamhnaíos isteach go tromachroíoch. Shuíos sa chúinne agus do tharraigíos chúm mo mháilín leabhar. Bhí gach re focal ar faobhar aici féin agus ag m'athair, ach níor ligeas orm gur chuala iad, cé ná rabhas ag léamh, mar ní hair a bhíos ag smaoineamh ach ag cuimhneamh a bhíos ar an saol a bhí romham. Ach tháinig Muiris isteach agus do chuir san deireadh leis an ngiobaireacht.

Níor dhóigh leat go raibh aon mhíshásamh riamh eatarthu ansan, mar do thosnaíodar ar bheith ag cur an tsaoil trí chéile. Bhíodar ag trácht ar an ndrochshaol agus is mór go léir an t-ionadh na heachtraithe a bhí ag m'athair air mar dhrochshaol. Ba chuimhin leis gach aon phioc de.

'Do bhíos in aois mo shé mbliana déag, a Mhuiris,' ar seisean, 'nuair a fuair m'uncail bás don ngorta. Bhí triúr clainne aige, is iad fásta suas, is b'fhearr leis pé greim a bhíodh ar siúl a thabhairt don gcloinn d'fhonn is go bhféadfadh sé iad do choimeád ina mbeathaidh, ach go bhfóire Dia orainn, do theip air. Do bhí an saol róchruaidh. É féin an chéad duine acu a fuair bás. Fear garbh láidir dob ea é ach níor bheo gan bia é. Fuair an t-ocras an fear maith air agus do cailleadh é.

'Ní raibh comhra ná barailín le cur ar dhaoine bochta san am san ná éinne i mbun iad a thabhairt go dtí an teampall, ach fuair m'athair seanachláracha éigin, é féin agus beirt fhear ón mbaile agus do chuireadar le chéile iad gur dheineadar sórt comhrann dóibh. Bhuaileadar an corpán bocht inti. Mise an ceathrú duine a bhí ina dteannta agus is me bhí chun tosaigh. Bhí buaile mhór ard ann is, pé mí-ádh a bhí orm, do bhuail sála mo chos i gcoinne cloiche a bhí romham, mar is i leith mo dhroma a bhíos ag gabháil taobh an tí síos. Ní raibh slí ár ndóthain ann is tógadh liom is tugadh mo chosa os mo chionn thíos sa bhuaile – an chomhra agus an corpán im dhiaidh. Admhaím don tsaol, a Mhuiris,' ar seisean, 'gurb in é an lá is mó a rug scanradh riamh ó shin orm. Nuair a thógas mo cheann, do bhí an chomhra titithe as a chéile agus cosa an duine mhairbh chúm amach!'

'B'uafásach an radharc é,' arsa Muiris.

'B'uafásach, a mhic ó! Nár lige Dia a leithéid do shaol i measc na gCríostaithe go deo arís!'

'Amen,' arsa Muiris.

'Do b'éigean dúinn cúpla téadán a dh'fháil agus iad a chasadh

ar an gcomhrainn féach an mb'fhéidir linn é a thabhairt go dtí an teampall ar aon chuma.'

'Ní fada ina dhiaidh a mhair a bhean agus a chlann. Is amhlaidh a leagadh an bothán anuas orthu agus is cuimhin liom,' ar seisean, 'gur deineadh an cleas céanna le cheithre tithe a bhí ar an mbaile againn san am san.'

'Ba mhór an trua éinne a bhí ina bheathaidh san am úd,' arsa Muiris.

'Fágaim le huacht go gcritheann mo chuid fola nuair a chuimhním air,' arsa m'athair. 'D'fhág an saol san talamh bán is gan éinne chun é a áitreabh.'

'Ó, a dhuine,' arsa Muiris, 'nach in é an chuma gur shroich na feirmeoirí móra an talamh go léir atá acu fé láthair.'

'Do b'fhuirist dóibh é dh'fháil san am san,' arsa m'athair.

'Tá sé in am dul abhaile,' arsa Muiris. 'Oíche mhaith agaibh.' Agus d'imigh sé.

# 1

# Trua Mar a Imíonn An Óige

Mo bhrón, nach iomdha cor a chuireann an saol de. Nach breá í an óige, ach foraíl is rud í nach féidir le duine greim a choimeád uirthi i gcónaí. Sleamhnaíonn sí léi faoi mar a shleamhnaíonn an t-uisce de ghainimh na trá. Bíonn an duine ag titim san aois gan fhios dó féin. Measaim ná fuil aon dá sheoid is luachmhaire ná an óige agus an tsláinte. Sid í mise anois suite i mo chnuchaire beag ar bhinsín glas le hais an tí ag machnamh is ag smaoineamh ar laethanta m'óige. Uch! nach mé a bhí go lúfar éadrom an uair sin. Nach beag an cuimhneamh a bhí agam go mbeinn go deo i mo sheanóir críonna mar seo.

An tráthnóna breá fómhair úd fadó agus mé ag teacht abhaile ó Dhaingean Uí Chúise nuair a shuíos ag Carraig an Phréacháin chun mo scíth a thógaint, agus mé ag breithniú i mo thimpeall is ag féachaint uaim siar ar na hoileáin, nach beag a shílíos an tráthnóna úd gurb ar an Oileán Mór úd a bhí mo shaol le caitheamh agam. Ach, dar ndóigh, dá mbeadh fios ag duine bheadh leigheas aige, mar tá a fhios agamsa anois cad a lean d'anró mé. Mo léan géar tá sé ródhéanach inniu, ach a bhuí le Dia, tá an saol in imeall a bheith caite agam mar tá thar trí scór bliain de imithe tharam, is ní fada eile is ceann i dtír mé, agus mo dhícheall a dhéanamh.

Táim ag breithniú uaim amach ar an bhfarraige atá go ciúin soilseach. Nach iomdha taoide gafa ó thuaidh is aduaidh le hocht mbliana déag is daichead ó bádh bád ó Dhún Chaoin, slán mar a n-instear é! Is beo atá a

chuimhne i mo cheann cé ná rabhas ach sé bliana d'aois an uair sin. B'uafásach an lá é. Bhí an mhaidin go ciúin is bheartaigh muintir Dhún Chaoin ar dhul go Beiginis ag baint fheamnaí. Ní raibh leoithne ón spéir agus bhí an fharraige go ciúin socair agus is é a déarfadh duine gurbh fhada ó urchóid ná ó dhíobháil í. Bhí ochtar fear i ngach bád acu d'fhearaibh láidre misniúla. Bhí m'athair féin is mo bheirt dearthár, Pádraig is Seán, i mBád na Tinte*, go ndéine Dia trócaire ar a n-anam! Bhí na trí báid ar snámh i bhFaill Cliath nuair a tháinig smaoineamh éigin in aigne Mhuiris Uí Chatháin — b'in é an captaen a bhí ar Bhád na Tinte — agus ní bheadh sé sásta gan mo dhearthháir Seán a bhí i mBaile na hAbha a bheith lena chois féin. Toisc gur fear cruaidh láidir ab ea é b'fhearr leis sa bhád é ná Mac Uí Lúing. Leis an intinn sin, chuir sé Mac Uí Lúing as an mbád agus thug sé mo dheartháir Seán ina bhád féin leis.

Ach níor chuir sin cosc le Mac Uí Lúing ag dul ag baint fheamnaí an lá sin. Chuaigh an fear bocht in ionad mo dhearthár sa bhád eile. Ansin scaoileadh faoin bhfarraige amach na trí báid in éineacht.

Nuair a shroicheadar Beiginis bhí muintir an Oileáin ann rompu go faobhrach ag baint na feamnaí, fear is scian aige agus fear eile is corrán aige, agus gan d'éadach orthu ach brístí plainín. Bhí gach fear i mbun a bhirt agus creid mé leis nach mór an aimsir a bhí caite nuair a bhí na báid lán. Nuair a chas an taoide ar líonadh agus na báid lán acu bhí an Baidí — ba í sin Bád Bhaile na hAbha — chun tosaigh, ach nuair a neartaigh an taoide, agus an ghaoth anoir aduaidh, thosnaigh an t-uisce ar theacht isteach sa bhád mar bhí sí rólán den fheamnach. Ansin chromadar ar an bhfeamnach a chaitheamh

*Bhí Muiris na Tinte mar leasainm ar an gcaptaen, mar is i dtint (puball) a bhíodh sé ina chónaí.



amach sa pholl. Ach mo léan géar! d'éirigh tonn bhorb taoide agus rith isteach orthu.

An bád a bhí ag teacht ina ndiaidh ar an scríb, chonaiceadar i mbaol a mbáite iad is chromadar féin ar an bhfeamnach a chur thar bord go tapaidh. Bád na Tinte a tháinig orthu ar dtúis, ar bád a raibh m'athair inti, ach mo bhrón, bhí an Baidí ansin rompu is a tón in airde, agus an fhoireann go léir báite ach aon bheirt amháin ar éirigh leo greim a fháil ar an gcile. Thógadar an bheirt ar bord agus thugadar leo go Faill Cliath iad.

Ba bhrónach an lá é, mar ní raibh fear ná bean a raibh aon luadar ann ná go raibh ag imeacht faoi dhéin an chalaidh is na mílte olagón acu. Bhíos féin agus tuilleadh páistí ag imirt phóiríní nuair a tháinig Cáit, bean mo dhearthár, agus sceoin inti.

"Tabhair aire do Phaidí, a stóirín," ar sise — is é sin, an mac críonna a bhí aici a bhí ag tosú ar shiúl.

"Cá raghaidh tú féin?" arsa mise.

"Mhuise, ní fheadar cá raghad anois," is d'imigh sí uaim an tSeantóir siar agus sceoin inti. Lean bean is bean eile í.

Nuair a d'éirigh mo mháthair amach, toisc gan an éisteacht a bheith ar fheabhas aici, ní raibh aon fhios aici cad a tharla. "Cá bhfuil na mná úd siar go léir ag dul?" ar sise.

"Dia linn," arsa Cáit Jim — is í a d'fhreagair — "tá Bád na Tinte báite, agus tá Paid is Seán fúithi istigh." Níor thuig an páiste bocht í ná ní lú ná mar a bhí a fhios aici cé acu bád a bhí báite.

Chomh luath is d'airigh mo mháthair an chaint sin lig sí liú uafásach aisti gur chomhchlos ar fuaid an pharóiste í. Níorbh fhéidir léi imeacht in aon áit ach is amhlaidh a chuaigh sí in airde ar mhullach an chlaí agus bhí gach re

glao aici ar Phaid is ar Sheán. Ní hé m'athair a bhí aici á cháiseamh ach a bheirt mhac.

Níorbh fhada a bhí sí ann áfach nuair a tháinig mearbhall cinn uirthi is tógadh léi thar claí isteach i dtor sceach is neantóg. Sin é an áit a raibh an t-achrann! Bhí gach aon scréach ar uafás agamsa agus gan ar mo chumas aon chabhair a thabhairt di, ach tháinig bean chugam nár aithníos in aon chor, Cáit Ní Mhaoileoin a bhí tagtha abhaile ó Mheiriceá le tamaillín roimhe sin. Nuair a chuala sí ag scréachaigh mé tháinig sí mar a raibh mo mháthair tite is thóg sí suas go cneasta í, is chrom sí ar a bheith ag tabhairt céille is meabhrach di.

Dúirt sí léi nárbh í Bád na Tinte a bádh in aon chor ach Bád Bhaile na hAbha, agus go raibh Paid agus Seán slán. Lena linn sin, ghabh ceathrar an Geata Mór aniar. "Ó, a Cháit," ar sise, "sin é aniar mo Phaidse."

Bhí an ceart aici. Bhí sé ann go cinnte, é féin is Seán is m'athair is Eoghan Brún.

Ba bhrónach an lá i nDún Chaoin é. Bhí cúigear baintreach is a ndíleachtaithe ag gol go dubhach.